Department of the Environment, Heritage and Local Government
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2008

agus

Tuarascáil an Ard-Reachtaire

Cuntas agus Ciste

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

© Government of Ireland 2010

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA,CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CONTAE MHAIGH EO
(Teil: 01 – 6476834/37 nó 1890 213434; Fax 01 – 6476843 nó 094 - 9378964)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO
(Tel: 01 – 6476834/37 or 1890 213434; Fax: 01 – 6476843 or 094 - 9378964)
or through any bookseller.

———

€4.00

Prn A10/0174
ISBN 978-1-4064-2483-6



CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2008
agus
Tuarascáil an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2008

Ginearálta

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil faoin Acht Rialtais Áitiúil 1998 le feidhm ón 1 Eanáir, 1999.

Íoctar fáltais mótarchánach (glan ar aisíocaíochtaí) agus ranníocaíocht ón Státchiste isteach sa Chiste.

Ullmhaíodh na cuntais seo don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2008.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhruithe.

1. Aitheantas ar Ioncam

Léiríonn ioncam ar mhótarcháin suimeanna a bhailíonn Údaráis Mótarchánach agus dlite don Chiste, faoi réir Ailt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Aithnítear ús bainc ar bhonn fabhruithe. Aithnítear maoiniú státchiste ar bhonn fáltas airgid.

2. Aitheantas ar Chaiteachas

Aithnítear caiteachas ón gCiste ar bhonn:

- leithdháiltí a mheastar a bheith dlite dos na hÚdaráis Áitiúla sa bhliain 2008;
- forchúitimh dlite don Rannóg na Seirbhísí Ríomhaire do Cheadúnú;
- forchúiteamh ar chaiteachas ar scéimeanna ceadaithe maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus Grúpscéimeanna Uisce; agus
- caiteachas ceadaithe ag an Aire agus tabhaithe ag Údaráis Áitiúla.

An Ciste Rialtais Áitiúil
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
don Bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2008

Ioncam	**Nótaí**	**2008**	**2007**
		€	€
Ioncam Mhótarchánach	1	1,055,317,645	957,089,036
Maoiniú Státchiste	2	548,703,000	537,141,000
Ús Bainc		6,724,300	5,389,235
		1,610,744,945	**1,499,619,271**
Caiteachas			
Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha	3	999,212,659	947,657,879
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	4	550,400,000	520,000,000
Seirbhísí Uisce	5	42,635,503	26,566,514
Rannóg na Seirbhísí Ríomhaire do Cheadúnú Tiománaithe agus Feithiclí	6	17,460,000	21,511,827
Comhpháirtíocht Áitiúil	7	4,567,277	3,438,366
Ionad Spórt agus Áineasa Bhaile Átha Troim	8	3,000,000	-
Siopaí Aon-Stad	9	1,269,471	382,500
Beartais um Chuimsitheacht Shóisialta	10	550,560	473,670
Ciste Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí	11	482,740	165,879
Riarachán Cheadúnú Tiománaithe	12	380,967	792,129
Ciste Tionscadail	13	226,611	25,657
Párolla, Aoisliúntas & Acmhainní Daonna	14	200,000	-
Seirbhís Phíolótach Mhaoir Pobail	15	109,152	542,340
Iniúchadh ar Áiseanna Pobail, Ealaíon agus Spórt	16	106,924	-
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	17	52,500	52,500
Eile	18	3,021,045	983,828
Clár na dToghthóirí		-	873,475
Córais Bainistíochta Airgeadais		-	45,000
		1,623,675,409	**1,523,511,564**
Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain		(12,930,464)	(23,892,293)
Farasbarr Carnach ag 1 Eanáir		34,946,449	58,838,742
Farasbarr ag 31 Nollaig		**22,015,985**	**34,946,449**

Is cuid de na Cuntais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 20.

Sínithe Geraldine Tallon **Dáta** 23/12/09

G. Tallon
Ard-Rúnaí

Nótaí ar na Cuntais

1. Ioncam Mhótarchánach

Léiríonn an figiúr seo Ioncam Mótarchánach ó Údaráis Mótarchánach agus lamháltas déanta d'aisíocaíochtaí.

	2008	2007
	€	€
Ollioncam Mótarchánach	1,056,916,573	958,335,539
Lúide Aisíocaíochtaí	1,598,928	1,246,503
Glanioncam Mótarchánach	**1,055,317,645**	**957,089,036**

2. Maoiniú Státchiste

Léiríonn an figiúr seo an íocaíocht ó airgid a thugann an t-Oireachtas faoi réir Ailt 4 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tsuim in aghaidh na bliana, le cead an Aire Airgeadais.

3. Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha

Léiríonn an figiúr seo leithdháiltí chuig Údaráis Aitiúla maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig, 2008 agus déantar é a ríomh ag cur san áireamh an mhúnla riachtanas agus acmhainneí/cothromú a oibríonn an Roinn. Glantar costais na nÚdarás Mótarchánach ón gCiste agus áirítear iad faoin gceannteideal seo.

4. Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Léirítear leis an roinn seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair ón gCiste chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla costais a sheasamh a bhain le clár oibreacha ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar ar tugadh Clár na mBóithre Neamhnáisiunta roimhe). Aistríodh freagracht as an gclár a riaradh chuig an Aire Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir, 2008 agus ceadaítear don Aire íocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste leis an Aire Iompair de bhua an Achta Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007. Lena chois sin, íocadh ranníocaíocht €53,814,000 ón Státchiste in 2008 le hÚdaráis Áitiúla ó Vóta 32 – Iompar – i leith an Chláir (€87,525,000 in 2007 ó Vóta 25 – Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil).

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

5. Seirbhísí Uisce

Grúpscéimeanna Uisce
Léiríonn sé seo forchúiteamh ar chaiteachas déanta ag Údaráis Áitiúla chuig grúpscéimeanna uisce don scéim fordheontais i leith na gcostas oibriúcháin as uisce a sholáthar d'úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil i leith na gcostas tabhaithe ag na hÚdaráis Áitiúla i riarachán an Chláir Uisce Tuaithe déabhlóidithe.

Uisce agus Dramhuisce Údaráis Aitiúil
Baineann an caiteachas seo leis an deontas ar leith a íoctar le hÚdaráis Aitiúla chun cuidiú leo costais a ghlanadh ag éirí as oibriú agus cothabháil ionad cóireála nua (€10m) (€5m - 2007) agus costais a bhain le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthairtí uisce óil agus ar eisilteach cóireála fuíolluisce (€13.4m). In 2007, caitheadh €9.957m ar chostais níos ginearálta a tháinig chun cinn de bharr ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce a bheith á rith.

6. Rannóg na Seirbhísí Ríomhaire do Cheadúnú Tiománaithe agus Feithiclí

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir don Chiste maidir le caiteachas na Roinne Iompair ar Cheadúnú Feithicle agus Tiománaí faoi réir Ailt 6(5) den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú leis An Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

7. Comhpháirtíocht Áitiúil

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe maidir le tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla mar seo a leanas:

	2008	2007
	€	€
Deontas Comhpháirtíochta Údaráis Áitiúil	4,100,000	3,000,000
Clár MBA Corparáide Rialtais Áitiúil	404,277	369,366
Clár Cinnireachta IPA	63,000	69,000
Iomlán	**4,567,277**	**3,438,366**

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

8. Ionad Spórt agus Áineasa Bhaile Átha Troim

Léirítear leis an gcaiteachas seo na costais a tharraing Comhairle Contae na Mí uirthi féin agus a d'éiligh an Chomhairle sin le hionad nua spórt agus áineasa a sholáthar ag Baile Átha Troim, Co. na Mí.

9. Siopaí Aon-Stad

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe ag Údaráis Áitiúla i soláthar Siopaí Aon-Stad a chuireann seirbhísí agus áiseanna poiblí comhtháite ar fáil ó roinnt gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí.

10. Beartais um Chuimsitheacht Shóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe ag Údaráis Áitiúla maidir le haonaid cuimsitheachta sóisialta a sholáthar agus do bheartais um chuimsitheacht shóisialta i limistéir chlár RAPID.

11. Ciste Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe ag Údaráis Áitiúla maidir le maoiniú na gcostas tosaigh de thograí Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí curtha chun cinn ag Údaráis Aitiúla.

12. Riarachán Cheadúnú Tionánaithe

Le feidhm ón 18 Meitheamh 2002, aistríodh feidhm riartha cheadúnas tiomána ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chuig an Aire Iompair. Thabhaigh an tAire Iompair caiteachas de €380,967 (€792,129 – 2007) agus ceadúnais tiomána á riaradh sa bhliain 2008.

13. Ciste Tionscadail

Tugann an Ciste Tionscadail tacaíocht agus spreagadh d'Údaráis Áitiúla tabhairt faoi thionscadail nua chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht sa chaoi ina ndéanann siad a ngnó agus chun cur chuige nua a fhorbairt maidir le pleanáil ghnó.

14. Párolla, Aoisliúntas & Acmhainní Daonna a Lánpháirtiú

Tacaíonn an caiteachas seo le tionscnamh an Tionscadail um Párolla, Aoisliúntas agus Acmhainní Daonna atá á chur i ngníomh ag 27 Údarás Áitiúil faoi láthair.

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

15. Seirbhís Phíolótach Mhaoir Pobail

Léiríonn an caiteachas seo costais tabhaithe agus éilithe ag Údaráis Aitiúla maidir le Seirbhís Phíolótach Mhaoir Pobail a chuireann réimse d'fheidhmeanna pobail agus eile i gcúig limistéar Údaráis Áitiúil.

16. Iniúchadh ar Áiseanna Pobail, Ealaíon agus Spórt

Léirítear leis an gcaiteachas seo maoiniúchán arb é ab aidhm leis cabhrú le hÚdaráis Áitiúla fardal a thiomsú maidir leis na háiseanna atá ar fáil sna fóntais pobail, spórt agus ealaíon ina limistéir faoi mar a mhol an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach.

17. Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin

Léiríonn an caiteachas seo maoiniú chun tacú leis an bhFóram Stiúrtha Uile-Oileáin ina bhfuil ionadaithe ó Chumann na bPríomfheidhmeannach Údaráis Áitiúil (SOLACE) agus Cumann Bhainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA). Is é ról an Fhóraim ná caidreamh a chothú idir Údaráis Áitiúla ar bhonn uile-oileáin.

18. Eile

Tugtar cúnamh d'Údaráis Áitiúla chun costais thograí éagsúla a ghlanadh mar seo a leanas:

	2008	2007
	€	€
An tSeirbhís Dóiteáin a Fheabhsú agus a Nuashonrú	1,895,737	161,990
Córas Costasaithe Údaráis Áiitiúil	715,360	821,838
Áiseanna Pobail, Pond Road, Trá Mhór, Co. Phort Láirge	250,000	-
Naisc sonraí le hOifigí Mótarchánach a uasghrádú	90,000	-
Ceiliúradh Chothrom 800 Bliain Bhunú Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman	50,000	-
Tuairisceáin Leictreonacha Seirbhísí Rialtais Áitiúil	19,923	-
Muirear arna ghearradh ag an mBanc	25	-
Iomlán	**3,021,045**	**983,828**

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

19. Mótarcháin dlite

Léiríonn sé seo dliteanas na nÚdarás Mótarchánach don Chiste maidir le Mótarcháin ag an 31 Nollaig, 2008. Cuimsíonn sé:

	2008	2007
	€	€
Mótarcháin dlite ag deireadh na bliana	5,505,445	5,841,543
Mótarcháin faoi bhealach sa chóras baincéireachta ag deireadh na bliana	2,155,293	4,227,733
Iomlán	**7,660,738**	**10,069,276**

20. Fabhruithe

Léiríonn sé seo dliteanais fabhraithe mar seo a leanas:

	2008	2007
	€	€
Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha	19,984,253	-
Seirbhísí Uisce	3,235,681	-
Naisc sonraí le hOifigí Mótarchánach a uasghrádú	90,000	-
Córas Costasaithe Údaráis Áitiúil	5,159	22,153
An Roinn Iompair – Riarachán Cheadúnú Tiomána	-	792,129
Beartais um Chuimsitheacht Shóisialta	-	154,827
Seirbhís Phíolótach Mhaoir Pobail	-	120,957
An tSeirbhís Dóiteáin a Fheabhsú agus a Nuashonrú	-	17,110
Iomlán	**23,315,093**	**1,107,176**

Ciste Rialtais Áitiúil
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais don Chiste Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoi réir an Acht Rialtais Áitiúil 1998.

Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir an Achta: na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo.

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, faoi seach

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas reachtúla agus rialaitheacha cuí, agus Caighdeáin Idirnáisiúnta d'Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim tuairisc ar mo thuairim cé acu an gcuirtear na ráitis airgeadais i láthair i gceart faoi réir an Achta nó nach gcuirtear. Freisin tugaim tuairisc ar mo thuairim cé acu ar coinníodh leabhair cuntais i gceart nó nár coinníodh. Freisin deirimse cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

Tugaim tuairisc ar aon ócáid ábhartha nuair nár caitheadh airgead ar na cúiseanna a bhí beartaithe nó nuair nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Freisin tugaimse tuairisc más rud é nach bhfuil an t-eolas agus míniú atá riachtanach do m'iniúchadh faighte agam.

Bunús le Tuairim Iniúchta

Agus mo chuid feidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste á dhéanamh agam, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta d'Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) a d'eisigh an Bord Cleachtas Iniúchta agus faoi réir na gcoinníollacha speisialta a bhaineann le comhlachtaí stáit maidir lena mbainistiú agus oibriú. Mar chuid d'iniúchadh, bíonn scrúdú ann, ar bhonn trialach, ar an bhfianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na nithe a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Cuirtear san áireamh freisin measúnú ar na príomh-mheastacháin agus cinní a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnú an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta cuí do staid an Chiste, á gcur i bhfeidhm go seasta agus á nochtadh i gceart.

Rinne mé an t-iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sa chaoi is go bhfaighinn an t-eolas agus na mínithe ar fad a bheadh riachtanach, dar liom, chun fianaise a dhóthain a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais slán ó bhréag, caimiléireacht nó aon mhírialtacht nó bhotún eile. Agus an tuairim seo á fháil agam rinne mé measúnú freisin ar fheabhas sholáthar an eolais sna ráitis airgeadais ar an iomlán.

Tuairim

I mo thuairimse léiríonn na ráitis airgeadais, faoi réir an Achta, comhardú an Chiste ar an 31 Nollaig 2008 agus ar na hidirbhearta don bhliain a chríochnaigh ar an dáta sin.

I mo thuairimse choimeád an Roinn leabhair chearta cuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 **Nollaig 2009**